COMHAD FÍRICÍ:
CEOL
GCSE

Rewarding Learning

Ceol Pobail 1980 – an lá atá inniu ann

Cúlra

Is ceol é Ceol Pobail a bhfuil an-tóir air agus cuimsíonn sé seánraí éagsúla. Is iad na seánraí atá le haithint ag na hiarrthóirí ná an Punc-Rac, Nuathonn, Roc Ailtéarnach, Pop Briotanach agus Leictreonaice. Tháinig Ceol Pobail ar an tsaol sna 1960idí i ndiaidh Rac is Roll, nuair a bhí forbairt ghasta ag teacht ar stíleanna ceoil. Tháinig forbairt air thar na deicheanna de bhlianta agus athrú ag teacht ar stíleanna agus ar uirlisí le nuálaíochtaí sa taifeadadh agus úsáid á baint as meáin leictreonacha as sintéiseoirí agus as éifeachtaí. Tá sé tábhachtach a aithint gur féidir píosa ceoil a lua faoi sheánraí éagsúla ag brath ar an stíl ar leith nó na huirlisí nó an t-am ar eisíodh é. Mar shampla dúradh faoi stíl luath cheoil David Bowie gur Rac Forásach nó Rac Péacach a bhí ann. De réir mar a athraíodh a stíl cheoil luadh a cheol i seánraí mar Nuathonn, Roc Ailtéarnach agus fiú Leictreonaice. Tá sin an-tábhachtach mar go léiríonn sé an dóigh a dtagann athrú gasta ar an cheol de bharr gnéithe teicneolaíochta, sóisialta agus cultúrtha.

Amlíne

1980idí
Tá ceol Punc-Rac ann i gceol an taoibh thuathail le deich mbliana.

Lár na 1970idí go dtí na 1980idí
Tagann Nuathonn ar an fhód mar gheall ar theacht uirlisí leictreonacha amhail sintéiseoirí.

Lár na 1980idí
Cuirtear tús le Ceol Ailtéarnach i saol cheol an taoibh thuathail.

Go luath sna 1990idí
Tagann ceol Grúinse chun cinn i Stát Washington, SAM. Tháinig Pop Briotanach ar an tsaol sa RA. Tosaíonn ceoltóirí ceol ailtéarnach ag síniú le comhlachtaí ceoil agus téann siad isteach sa phríomhshruth. Tosaíonn ceoltóirí ag baint triail as taifeadtaí le níos mó fuaimeanna leictreonacha. Forbraítear leictreonaice mar théarma le cur síos ar cheol inar uirlisí leictreonacha is mó a úsáidtear (ná measctar sin le Nuathonn).

Na 1990idí malla
Tháinig an téarma 'Indie' chun cinn le cur síos ar cheoltóirí a shínigh le lipéid neamhspleácha cheoil agus ní leis na lipéid phríomhshrutha. Tháinig a lán ceoltóirí nua indie ar an fhód amhail The Strokes agus The White Stripes i Meiriceá agus Bloc Party agus Snow Patrol sa RA.

2000idí
Mar gheall ar theacht chun cinn an idirlín, b'fhusa teacht ar cheol an taoibh thuathail sa phríomhshruth. Bhí réimse leathan de sheánraí ag dul i bhfeidhm ar cheoltóiri agus mar sin ba dheacra sainmhíniú a dhéanamh ar an stíl ná ar an tseánra ceoil.

An Punc-Rac

Cúlra:

D'fhorbair an Punc-Rac sna 1970idí malla agus sna 80idí ar fud Mheiriceá agus na Ríochta Aontaithe mar éirí amach in éadan an phríomhshrutha de rac-cheol. Bíonn na liricí bunaithe go minic ar dhearcthaí polaitíochta nó frithbhunaíochta agus faigheann an ceol fuinneamh ó dhrumadóireacht ardluais, giotáir shaofa, guthanna ag scairteach/ag béicíl le blas réigiúnach agus réimnithe simplí cordaí. I dtuaisceart na hÉireann bhí tábhacht mhór leis an Phunc-Rac go háirithe le linn na dTrioblóidí mar go raibh mórán daoine óga ag iarraidh éalú ón fhoréigean agus aontaíodh sa cheol iad. Bhain bannaí mar The Undertones as Doire Cholmcille agus Stiff Little Fingers as Béal Feirste clú domhanda amach dóibh féin mar gur thug John Peel, ceirneoir clúiteach, ardán ar an raidió dóibh. Is minic a thaifead na ceoltóirí an Punc-Rac go neamhspleách in áit sa stiúideo taifeadta agus uaireanta ní bhíonn an fhuaim rómhaith.

Séis: rifeanna arda giotáir [e.g. The Clash – Should I Stay or Should I Go (1982)], séiseanna/frásaí a athsheinntear a scairtear agus nach gceoltar, raon beag nótaí].

Armóin: diatonach, mórchordaí, cordaí cumhachta [e.g. Black Flag – Rise Above (1981)], réimnithe simplí giotáir de ghnáth, guthanna tionlacain ag ceol le chéile agus ní in armóin.

Uirlisí: príomhghiotár, príomhamhránaí (fireann den chuid is mó), dordghiotár, foireann drumaí.

Foirm agus Struchtúr: véarsa, curfá, ceangal, líonadh drumaí, aonréid ghiotáir.

Rithim: amchomhartha simplí 4/4, rithimí simplí, sioncóipiú sna guthanna in amanna.

Tondath: giotáir shaofa, guthanna arda/ag scairteach, drumadóireacht throm, bhríomhar ardluais, ciombail arda ag cleaingeáil.

Téarmaíocht Nua:

Cordaí Cumhachta: tá siad seo iontach coitianta sa phunc-rac, úsáidtear an méarú céanna sa ghiotár agus bogtar an lámh suas agus anuas stiallóga le cordaí éagsúla a chruthú.

Líonadh Druma: seo patrún drumadóireachta níos casta a úsáidtear le béim a chur ar dheireadh píosa nó frása (de ghnáth ní bhíonn sé níos faide ná dhá bharra).

Saobhadh: seo éifeacht a úsáidtear go minic nuair a bhítear ag seinm giotáir a chruthaíonn fuaim atá 'doiléir' nó 'saofa'. Cruthaítear sin nuair a mhéadaítear an neartú ar aimplitheoiri ach is féidir é a chruthú chomh maith nuair a úsáidtear troitheán saofa.

Éisteacht Mholta:

Stiff Little Fingers – Nobody's Hero (1980)
The Undertones – My Perfect Cousin (1980)
The Ramones – Bonzo Goes to Bitburg (1986)

Nuathonn

Go díreach i ndiaidh an Phunc-Rac feicimid Nuathonn ag teacht isteach go luath sna 1980idí agus as sin amach ba sin fuaim thipiciúil na 80idí. Tháinig Nuathonn in áit an Phunc-Rac sa mhéid is gurb í seánra nua cheol 'an taoibh thuathail' í. Tá stíl i bhfad níos turgnamhaí ag an cheol seo agus tosaítear ar ionstraimiú níos nuálaí a úsáid ann amhail meán leictreonach agus éifeachtaí. Cé go raibh naisc ag an tseánra seo leis an Phunc-Rac b'fhusa d'éisteoirí príomhshrutha teacht air. Cuimsíonn Nua-Thonn stíleanna éagsúla ceoil amhail Rac, Ska, Réigé agus Rac is Roll ach aithnítear é ar a loinneoga a fhaigheann greim ort, úsáid sintéiseoirí agus a fhuaim níos 'popúla'. Tá baint mhór ag Nuathonn le faisean agus ealaín agus le mórphearsana mar David Bowie, Blondie agus Adam Ant. Taobh leis an tseánra seo tháinig gluaiseacht phopchultúir darb ainm Nua-Rómánsachas. Thugadh leantóirí an chultúir seo Nua-Rómánsaithe orthu féin agus aithníodh iad ar a bhfaisean gáifeach amhail gruaig mhór agus éadaí dathúla lása.

Séis: ostinato [e.g. Eurythmics – Sweet Dreams], rif, loinneog, frásáil mhín bhinn, dordlínte a sheasann amach.

Armóin: armóiní níos spéisiúla, armóiní a chluintear go minic i nguthanna tionlacain.

Uirlisí: giotár, guthanna (idir fhireann agus bhaineann), dord, cnaguirlisí, méarchlár, uirlisí leicteonacha mar shintéiseoirí.

Foirm agus Struchtúr: intreoir, véarsa, curfá, ceangal, aonréad, loinneog [e.g. Depeche Mode – Just Can't Get Enough (1981)].

Tondath: sintéiseoirí, innill druma, cnaguirlisí, aisfhuaimniú [e.g. Joy Division – She's Lost Control], feirí [e.g. David Bowie – Ashes to Ashes (1980)].

Uigeacht: srathú gutha [e.g. Tears for Fears – Everybody Wants to Rule the World (1985)].

Téarmaíocht Nua:

Ceol an taoibh thuathail: seo ceol a fhaightear taobh amuigh de chultúr príomhshrutha agus níl sé tráchtálaithe. Is iad na ceoltóirí iad féin a chumann agus a léiríonn an ceol go minic agus bíonn na ceoltóirí sínithe le comhlachtaí neamhspleácha ceoil.

Loinneog: seo an téarma a úsáidtear le cur síos ar chuid d'amhrán a fhaigheann greim ar éisteoirí, go háirithe i gceol pobail. Faigheann an loinneog 'greim' ar aird an éisteora.

Srathú Gutha: seo teicníc thaifeadta a bhaineann le ceol pobail lena dtaifeadtar an guth roinnt uaireanta agus cuirtear na fuaimeanna sin i sraith ar mhullach a chéile le níos mó de phopfhuaim a chruthú. De ghnáth bíonn príomhghuth ann (an taifead is láidre) agus déantar na guthanna eile a scagadh le go bhfóirfidh siad don traic.

Aisfhuaimniú: is éifeacht leictreonach aisfhuaimniú agus úsáidtear é le macalla a chruthú.

Feirí: is éifeacht leictreonach feirí a úsáidtear le fuaim chorrach a chruthú.

Éisteacht Mholta:

Human League – Don't You Want Me
The Buggles – Video Killed the Radio Star
Blondie – Heart of Glass

Roc Ailtéarnach

Fosheánraí: Ceol Grúinse, Rac Indie

Cúlra:

Dála Nuathoinne, is seánra ceoil é Rac Ailtéarnach a tháinig as an Phunc-Rac. D'fhás sé sna 1980idí malla as saol cheol an taoibh thuathail go raibh sé ar na stíleanna ceoil ba choitianta sna 1990idí agus sna 2000idí. Lean ceoltóirí an Rac Ailtéarnaigh an meon a bhí ag an Phunc-Rac agus Nuathonn sa mhéid is gur sheachain siad cultúr an phríomhshrutha agus gur dhírigh siad ar an chruthaitheacht agus ní ar rath sa phríomhshruth. Níl stíl ar leith de Roc Ailtéarnach ann nó níl ann ach an téarma a úsáidtear le cur síos ar cheol nach bhfuil sa phríomhshruth. Tharraing an diúltú seo d'idé-eolaíocht an phopchultúir aird a lán daoine, go háirithe aird déagóirí.
Ar na grúpaí atá chun tosaigh sa Roc Ailtéarnach tá R.E.M. – banna Meiriceánach a bunaíodh in 1980, a raibh tionchair orthu ón Phunc-Roc agus ó Cheol Tíre. Go luath sna 1990idí bhí ceol Grúinse ag forbairt in Seattle, SAM agus níorbh fhada gur spréigh sé ar fud an domhain. Aithníodh ceol Grúinse ar a dhrumadóireacht ard, giotáir shaofa agus liricí lán imní [e.g. Pearl Jam – Alive (1991)]. Is bannaí mar Nirvana, Pearl Jam agus Soundgarden ba chúis leis an fhás sa tóir ar Rac Ailtéarnach. Sa RA bhíothas ag tabhairt aird ar Radiohead an banna Rac Ailtéarnach Sasanach nuair a eisíodh a singil 'Creep' (1992) agus as sin glacadh leo ar na ceoltóirí ba mhó a bhí riamh ann. Idir an dá linn i Luimneach, in Éirinn tháinig The Cranberries, banna Rac Ailtéarnach chun cinn agus bhain siad clú amach i ndiaidh a n-albaim 'Everybody Else Is Doing It, So Why Can't We?' agus go háirithe a singil 'Linger' (1993).
Mar gheall ar an tóir ar Rac Ailtéarnach sna 1990idí thosaigh mórán ceoltóirí a shíniú le comhlachtaí ceoil príomhshrutha. Is mar sin a cruthaíodh an téarma Rac Indie le cur síos ar na ceoltóirí a bhí sínithe le lipéid taifeadta neamhspleácha. Faoi dheireadh na 1990idí go dtí an lá atá inniu ann tháinig tuilleadh bannaí Rac Ailtéarnaigh/Indie ar an fhód mar The Strokes, The White Stripes, Coldplay, Queens of the Stone Age agus ar na mallaibh bannaí mar The Killers, Paramore, Muse, Franz Ferdinand, Arctic Monkeys agus Kodaline.

Seis:	rifeanna, aonréid bhunúsacha ghiotáir, gan loinneoga ar bith so-aitheanta.
Armóin:	diatonach, dúnadh, ceol níos maille le harmóin sna téada.
Uirlisí:	leagan amach bunúsach banna ceoil. Fuaim láidir ag na giotáir – giotár rithime/ príomhghiotár, guthanna, dord, foireann drumaí, téada in úsáid ina dhiaidh sin don tionlacan [e.g. Elbow – One Day Like This], uirlisi/éifeachtaí leictreonacha in úsáid níos moille.
Foirm and Struchtúr:	intreoir, véarsa, curfá, ceangal, aonréad, líonadh rialta druma.
Tondath:	giotáir shaofa, giotáir fhuaimiúla, líonadh druma.

Éisteacht Mholta:

Pearl Jam – Alive (1991)

4 Non Blondes – What's Up (1992)

Radiohead – Creep *Radio edit (1993)

The Presidents of the United States of America – Peaches (1995)

Muse – Plug In Baby (2001)

The White Stripes – Seven Nation Army (2003)

The Killers – When You were Young (2006)

Arctic Monkeys – Brainstorm (2007)

Imagine Dragons – Radioactive (2012)

Coldplay – Adventure of a Lifetime (2015)

Pop Briotanach

Ba ghluaiseacht chultúr óige an Pop Briotanach a tháinig ar an fhód sna 1990idí mar fhreagairt ar shaol an Rac Ailtéarnaigh a bhí ar siúl agus na dearcthaí míshásta a bhí ag pobal na Breataine mar gheall ar dhíothacht shóisialta agus fadhbanna polaitíochta. Sa Phop Bhriotanach bhí fuaim a bhí faoi thionchar bhanna na 1960idí mar The Kinks agus The Beatles agus bhí tionchar an Phunc-Rac air fosta. Bhí ceoltóirí ag scríobh amhrán faoin ghnáthshaol agus faoin tsaol a bhí ag an duine óg sa Bhreatain. Tháinig bannaí mar Oasis, Blur agus Pulp chun cinn agus thosaigh ag cur na Breataine ar an mhapa ó thaobh an cheoil de. Sa cheol seo tá uirlisí traidisiúnta pop/rac agus ní uirlisí leictreonacha. Tá séiseanna ann a gheobhadh greim ort agus go minic bíonn blasanna réigiúnacha so-aitheanta le fáil sna guthanna [e.g. Blur – Parklife [1994)].

Séis: rifeanna [e.g. The La – There She Goes (1990)], loinneog, frásaí simplí binne, gan mórán aonréad.

Armóin: réimnithe simplí cordaí.

Uirlisí: leagan amach bunúsach banna rac. Fuaim láidir giotár – leictreach agus fuaimiúil, dordghiotár, guthanna (príomhghuth agus guthanna tionlacain), foirean drumaí, tambóirín, níos moille sa Phop Bhriotanach bhí uirlisí leictreonacha in úsáid [Elastica – Connection (1995)], pianó [Oasis – Don't Look Back in Anger (1995) ar théada [e.g. The Verve – Bittersweet Symphony (1997)].

Foirm agus Struchtúr: véarsa/Foirm churfá (ina bhfuil intreoir, véarsa, réamhchurfá, curfá, ceangal/8 meánach, aonréad, seoladh amach), líonadh druma.

Rithim: am 4/4, patrúin strumála shuntasacha ar an ghiotár [e.g. Oasis – Wonderwall (1995)].

Tondath: giotáir shaofa, giotáir leictreacha/fuaimiúla, guthanna loma go minic le blasanna.

*Teicnící Giotáir sa Phop Bhriotanach

Lúbadh Tuinairde – téad nóta a lúbadh leis an tuinairde a athrú.

Tremoló – tarlaíonn seo nuair a dhéantar nóta a athsheinm go gasta le héifeacht chreathánach a chruthú [e.g. aonréad in Ash – Burn Baby Burn (2001)].

Greadadh – teicníc lena ndéantar fuaim nóta trí lámh na stiallóige a úsáid in áit an téad a stoitheadh. Déantar sin nuair a 'ghreadtar' an clár stiallóg go géar. [e.g. Suede – Animal Nitrate].

Téarmaíocht Nua

8 Meánach: (Tugtar an ceangal air fosta) Seo cuid d'amhrán a tharlaíonn thart faoi lár an amhráin agus maireann sé ocht mbarra de ghnáth. Is é an cuspóir atá leis codarsnacht a thabhairt ó athsheinm véarsa – curfá.

Éisteacht Mholta:

Oasis – Live Forever (1994)

Pulp – Disco 2000 (1995)

Suede – Filmstar (1996)

Ocean Colour Scene – The Day We Caught the Train (1996)

Leictreonice

Cúlra:

Is seánra de cheol Leictreonaice a thosaigh i saol cheol an taoibh thuathail go luath sna 1990idí. Mar gheall ar an fhás ar úsáid theicneolaíochta an cheoil i seánraí mar Nuathonn, thosaigh tuilleadh ceoltóirí ag úsáid uirlisi leictreonacha mar shintéiseoirí, seicheamhóirí ceoil agus innill drumadóireachta le dúshraith a gcuid ceoil a leagan síos . Is minic a taifeadadh i stiúideonna beaga nó i stiúideonna sa bhaile rud a d'fhág go raibh ceoltóirí ábalta a bheith níos turgnamhaí ina stíl. **Tá sé tábhachtach gan Leictreonaice a mheascadh le Nuathonn**. Cé gur scríobhadh Nuathonn sna 80idí ar féidir í a aithint ar a fuaim 'phopúil' agus a rifeanna a gheobhadh greim ort, scríobhadh Leictreonaice sna 90idí agus ó sin go dtí an lá inniu agus aithnítear í ar an úsáid a bhaintear as uirlisí leictreonacha den chuid is mó. I measc na gceoltóirí Leictreonacha tá Björk, Moby, Fatboy Slim, Daft Punk, Gorillaz, Massive Attack agus The Chemical Brothers.

Séis: rif, séiseanna agus frásaí athráiteacha.

Armóin: go minic gan mórán armóine.

Uirlisí: sintéiseoirí, innill drumaí, guthanna (fireann agus baineann), in amanna chomh mailth le huirlisí traidisiúnta, mar shampla giotáir.

Foirm agus Struchtúr: intreoir, véarsa, curfá, droichead.

Rithim: rithimí casta drumaí.

Uigeacht: ilfhónach.

Tondath: fuaimeanna agus ionstraimiú leictreonacha, maisíochtaí fuaime.

Éisteacht Mholta:

Fatboy Slim – Right Here, Right Now (1998)

Moby – Porcelain (1999)

Daft Punk – One More Time (2001)

The Knife – Heartbeats (2003)

Hot Chip – Ready for the Floor (2008)

MGMT – Kids (2007)

M83 – Midnight City (2011)

Eurythmics: *Sweet Dreams*

Cúlra:

Sweet Dreams an teidealrian ar an dara halbam ag Eurythmics' a eisíodh in 1983. Nuair a d'éirigh leis sin bhain siad clú amach sa RA an áit ar bhain an t-amhrán uimhir 2 amach i gcairteacha na singlí agus in SAM mar ar bhain sé uimhir 1 amach. Rinneadh an traic a athmheascadh in 1991 dá n-albam díolama *Greatest Hits* a eisíodh roinnt uaireanta ó shin.

Stíl agus tionchair:

Cé gur doiligh iad a lua le stíl ar leith ceoil, b'fhéidir gur chóir a rá gur meascán é stíl Eurythmics de Nuathonn agus pop sintéiseora Briotanach. Tá an tionchar ó Nuathonn le feiceáil i gcuma shuntasach agus guth an phríomhamhránaí, Annie Lennox. Faightear an tionchar céanna i mórán de na físeáin shamhlaíocha atá ag dul leis na hamhráin. David Stewart a sheinneann agus a stiúrann an chuid is mó den tionlacan, tionlacan atá chóir a bheith uilig bunaithe ar theicneolaíocht. Dála bannaí eile ó na 1980idí luatha is le hinneall druma agus méarchlár a dhéantar na fuaimeanna uirlise.

Tréithe

Séis: Úsáidtear beagán tuinairdí taobh istigh de mhód Aeólach gléasaistrithe go C. Tá miontréach ann ag éirí agus ag titim (Eb-C-Eb), rud beag gluaiseachta sa scála agus rithim shioncóipithe.

Armóin: Raon beag de thríchordaí móra agus de thríchorda mionaí i mionghléas C. Tá péire de chordaí malartacha – C mion/F7 – in úsáid sa chuid "ocht meánach" (1.43).

Tonúlacht: C mion.

Amchomhartha: 4/4.

Rif: Smaoineamh rithime nó séise athsheinnte – an frása dhá bharra a bhfuil an chuid is mó den amhrán bunaithe air, mar shampla.

Ocht meánach: Píosa éagsúil ocht mbarra (nó ceangal).

Líonadh: Aonréad (ar an fhoireann drumaí go minic) atá tubchumtha go ginearálta agus ar féidir a tharlú ag deireadh frása nó a theacht isteach i bpíosa nua.

Teicneolaíocht: Cé gur dísreach atá ann go bunúsach, le húsáid teicneolaíochta (a bhí measartha garbh go fóill le taobh chaighdeán an lae inniu) bhí baill Eurythmics ábalta mórán sraitheanna de ghuthanna agus d'uirlisí a chruthú. Úsáidtear taifead ilriain de ghuth Annie Lennox le guthanna tacaíochta cumaisc a chruthú. Athsheinntear éifeachtaí cnaguirlisí a dhéantar le hinneall drumaí agus fuaimeanna sintéisithe agus samplaithe nuair a úsáidtear seicheamhóir agus cuirtear le chéile iad trí dheasc mheascacháin a úsáid.

Struchtúr:

Tá *Sweet Dreams* leagtha amach ar an dóigh seo:

Intreoir:	Rif ar an mhéarchlár x 4 6 bharra de ghuthanna gan focail
A A1	Sweet dreams are made of this… Some of them want to use you…
Nasc:	6 bharra de ghuthanna gan focail Rif x 2
A	Sweet dreams etc.
Nasc:	6 bharra de ghuthanna gan focail
B	Hold your head up… Hold your head up, movin' on…
A A1	Aonréad méarchláir Some of them want to use you.
Nasc:	6 bharra de ghuthanna gan focail
B	Hold your head up. Keep your head up, movin' on etc.
A	Aonréad méarchláir
Nasc:	Rif x 4 6 bharra de ghuthanna gan focail Rif x 3

Coda:	A	Sweet dreams etc.	Gan ann ach buille druma
	A	Sweet dreams etc.	+ Aonréad méarchláir
	A	Sweet dreams etc.	Arís
	A	Sweet dreams etc.	Arís agus céimniú amach

Anailís:

N.B. Tá na hamanna thíos ag tagairt de leagan athmheasctha 1991 den amhrán.

	Am	Inneachar
Intreoir:	0.00	Rif mhéarchláir 2 bharra (a sheinntear 4 huaire) a thugann na tuinairdí C-Eb-C-Ab-G in ochtacha briste. Marcálann fuaim shintéisithe druma gach buille croisín agus bíonn C íseal ar an chéad bhuille de gach dhá bharra.
	0.15	Frása 6 bharra bunaithe ar na cordaí Ab-G-Cm-Fm-Ab-G á gceol ag guthanna tionlacain ilriain le “ooh’ agus guth aonair gan focail ag tobchumadh os a gcionn. Athraíonn fuaimeanna méarchláir agus cnaguirlisí – tá cúlbhuille sintéisithe ar an 2ú buille agus ar an 4ú buille de gach barra.
A	0.27	Ceoltar “Sweet dreams are made of this” mar aonréad leis an rif 2 bharra ón interior mar thionlacan.
A1	0.42	Do “Some of them want to use you” déantar ilrianta de ghuth ar mhaithe le harmóin – den chuid is mó i dtréacha comhthreomhara.
Nasc:	0.57	Na harmóiní céanna atá in 0.15 ach ní hionann an tobchumadh aonair agus dord an mhéarchláir.
	1.09	Seinntear an rif mhéarchláir ón intreoir faoi dhó.
A	1.16	Ceoltar an chéad dá bharra de “Sweet dreams are made of this” mar aonréad sula dtugtar isteach armóin ilriain sna séacha.
Nasc:	1.31	Mar 0.15 ach le cúlbhuille níos láidre.
B	1.43	Tá seo cosúil le “hocht meánach” agus déanann sé codarsnacht idir an réim ghutha níos airde in “Hold your head up” agus na tuinairdí níos ísle iin “movin’ on”. Seinntear ar an phianó i leathláin cordaí C mion agus F7 agus iad ag malartú. Tá pulsa croisín ar dhrumaí, camáin leanúnacha ar throitheán sintéisithe agus cuirtear isteach fuaim mar a bheadh le buidéil ghloine shamplaithe.
A	1.57	I ndiaidh “líonadh” leathchamáin filleann an rif 2 bharra ach in áit an ghutha tá aonréad méarchláir dúbailte in ochtacha ina bhfuil nóta fada agus gluaiseacht camáin ina dhiaidh.
A1	2.13	Tagann an guth ar ais le “Some of them want to use you” (0.47).
Nasc:	2.28	Frása 6 bharra (0.15) le ton ar an mhéarchlár atá ag athrú agus maisiú gutha.
B	2.40	Reprise de “Hold your head up” (1.43).
A	2.55	“Líonadh" agus aonréad méarchláir (1.57).
	3.10	Rif 2 bharra ar an mhéarchlár (a sheinntear 4 huaire mar a dhéantar san intreoir) agus “bualadh bos” sintéisithe mar chúlbhuille.
Nasc:	3.26	Frása 6 bharra ina bhfuil guth gan focail (0.15).
	3.37	Rif 2 bharra a sheinntear 3 huaire le guth gan focail (0.15) agus fuaim “bhuidéil” (1.43) i ndeireadh frásaí.

	Am	Inneachar
Coda:	3.49	"Sweet dreams" (A) gan ach croisíní cnaguirlisí mar thionlacan. Cuirtear sraitheanna d'armóiní gutha i dtréacha agus i séacha isteach chomh maith le tobchumadh aonréid.
	4.04	"Sweet dreams" ceolta arís le rif 2 bharra mar aon le haonréad méarchláir (1.57) agus fuaimeanna "buidéil" (1.43).
	4.19	"Sweet dreams" na 8 mbarra roimhe sin athsheinnte.
	4.34	"Sweet dreams" athsheinm arís agus céimniú amach.

Tuilleadh Éisteachta:

Eurythmics: *Here comes the rain again*
Eurythmics: *Who's that girl*

Ash: *Burn Baby Burn*

Cúlra:

Ba é *Burn Baby Burn* an dara singil a baineadh amach as albam sárdhíola Ash *Free All Angels* a eisíodh in 2001. Bunaíodh an banna i nDún Pádraig in 1992. Tá triúr mar chroíbhaill sa bhanna : Tim Wheeler (príomhamhránaí agus príomhghiotár), Mark Hamilton (dordghiotár) agus Rick McMurray (drumaí). Le linn thaifeadadh *Free All Angels* tháinig Charlotte Hatherley isteach sa bhanna agus thug sí isteach guth tionlacain agus giotár rithime.

Stíl agus tionchair:

Maidir le stíl, is iomaí lipéad a luadh le Ash agus déanta na fírinne tá tionchair éagsúla orthu arb iad seo a leanas na cinn is tábhachtaí:

Punc Pop: Is tréithe a bhaineann le bannaí an Phunc-Rac sna 1970idí malla agus sna 1980idí luatha an raon teoranta armóiní, na blúirí binne simplí a athsheinntear, an t-ardluas agus cordaí bagracha giotáir a bhfuil saobhadh go minic iontu.

Rac: Tá struchtúr bunúsach na véarsaí/curfá, fuaim ard giotárbhunaithe, aonréid thobchumtha an phríomhghiotáir agus an “chumhachtchorda” deireanach coitianta ag mórán bannaí rac. Cé nach bhfuil amhras ar bith ann nach bhfuil tóir orthu, tá Ash taobh amuigh de phríomhshruth tráchtála an rac go háirithe maidir lena gcuid liricí agus le hábhar a gcuid ceoil.

Tréithe:

Séis: Gluaiseacht chéimneach den chuid is mó thart ar roinnt bheag tuinairdí lárnacha – e.g. B/C♯ i gcuid an véarsa. Tá athsheinm agus sioncóipiú in úsáid fosta.

Armóin: Cuirtear líon teoranta de thríchordaí móra agus de thríchordaí miona (uaireanta bíonn an tríú ar lár) i bpatrúin athsheinnte. Nuair a chuirtear nótaí breise leis na cordaí bunúsacha sin cruthaítear díshondas e.g. ar ”never been satisfied” (0.40) tá corda E7 agus an 3ú mór (G♯) agus an 3ú mion (G♮) ann.

Tonúlacht: Mórghléas B ach mórghléas E ina dheireadh.

Amchomhartha: 4/4.

Rif: Tá ceol an tseánra seo ag brath cuid mhór ar athsheinm leanúnach patrúin shéiseacha, armónacha agus rithimiúla.

Líonadh/sos: Tá an t-aonréad tubchumtha ar an fhoireann drumaí, a tharlaíonn sula dtagann an banna iomlán isteach (0.18), ina shampla maith den dóigh ar féidir “líonadh” a úsáid le pointí tábhachtacha i struchtúr an amhráin a léiriú.

Strófach: Nuair is ionann an ceol a chuirtear le roinnt véarsaí in amhrán. Tugtar tréchumtha ar amhrán ina gcuirtear ceol éagsúil le gach cuid den téacs.

Ocht Meánach: Píosa atá éagsúil agus é 8 mbarra ar fad chóir a bheith i gcónaí.

Struchtúr:

Tá *Burn Baby Burn* leagtha amach ar an dóigh seo:

Intreoir

Veársa 1

Curfá

Ceol uirlise

Véarsa 2

Curfá

Ceol uirlise

8 Meánach

Véarsa 1

Curfá

Ceol uirlise

Anailís:

	Am	Inneachar
Intreoir:	0.00	Fuaimeanna scagtha sintéisithe (bunaithe thart ar an nóta B) a bhíonn ag peanáil idir na cainéil clé agus na cainéil deas.
	0.06	Rif ar an phríomhghiotár a luascann den chuid is mó i gcamáin idir D# agus B.
	0.12	Rif ar an dordghiotár curtha isteach.
	0.18	Líonadh druma roimh theacht isteach an bhanna iomláin leis an phatrún cordaí dhá bharra: B/E/C#5/F#.
Véarsa 1:	0.31	Laghdaítear an tionlacan go dordghiotár agus drumaí. Séis bunaithe ar mhóitíf 2 bharra a athsheinntear 3 huaire. Tarlaíonn díchorda suntasach (0.40) ar “never been satisfied”.
	0.43	An tséis chéanna le liricí eile ach go gcuirtear isteach cordaí giotáir. Tarlaíonn an díchorda (0.52) ag an aon am le “burn baby burn”.
Curfá:	0.55	Na harmóiní (F#m/B – E/A) agus an tséis cuid mhór le seicheamh síos a dhéanamh. Tá armóin ghutha chóir a bheith uilig i dtréacha comhthreomhara.
	1.08	Stopann an tionlacan ar feadh 3 bhuille ar an 3ú seinm den fhrása 4 bharra seo agus tá deireadh eile leis an churfá.
Ceol uirlise:	1.17	Nasc ina bhfuil scála síos sa phríomhghiotár thar chordaí A mion athsheinnte agus an rif ón tús ar ais arís (0.06).
Véarsa 2:	1.26	Ó thaobh an cheoil is ionann é agus véarsa 1 (0.31) ach cóiriú beag ar an tséis ar “destructive love” (1.44).
Curfá:	1.51	Athsheinm 0.55.
Ceol uirlise:	2.12	Tús mar 1.17 ach tosaíonn an príomhghiotár ar aonréad nua ina bhfuil patrún dhá bharra i leathchamáin a athsheinntear thar an fhoirmle chorda ó 0.18 i ngiotár rithime. Déantar díchordaí nuair a sheinntear den 4ú huair é mar a bhfuil G♮ in éadan corda E agus a mbuaileann A agus Bb le C#.
8 Meánach:	2.26	Séis eile agus dinimic níos boige a chruthaíonn codarsnacht. Camáin athsheinnte ar dhordghiotár agus ar shreangdhruma agus armóiní ag malartú idir mórghléas E agus F. Déantar leathchamáin a athsheinm ar an phríomhghiotár (mar 2.14) ach athraítear na nótaí le gach dara buille agus ní le gach buille. Crescendo ag deireadh na coda seo.
Véarsa 1:	2.38	Reprise den dara leath de véarsa 1. “*Burn baby burn*” (2.48) maisithe.
Curfá:	2.51	Curfá athsheinnte ach líne amháin de na liricí athraithe ag 3.06 – “we’re living in a compromise”.
Ceol uirlise:	3.12	Tosaíonn mar 1.17 ach síntear an scála suas go dtí dhá ochtach. Rithim leanúnach i bhfoireann drumaí. Agus cumhachtchorda i mórghléas E (3.25).

Tuilleadh Éisteachta:

Ash: *Shining Light*
Ash: *Sometimes*

Florence and the Machine: *Cosmic Love*

Cúlra:

Tá *Cosmic Love*, a eisíodh mar shingil i Mí Iúil 2010, glactha as *Lungs*, an t-albam ó 2009 ag *Florence and the Machine* (*Florence + the Machine*). Sa bhanna is é an rud is mó a sheasann amach an príomghuth, Florence Welch, agus a príomh-chomhghleacaí, Isabella Summers, a chomhscríobhann go leor den ábhar s'acu, a sheinneann méarchlár agus cnaguirlisí agus a chuidíonn leis an léiriú fosta. Tá seinm na cláirsí ag Tom Monger go mór chun cinn sa traic *Cosmic Love*.

Stíl agus tionchair:

Tá ceol *Florence + the Machine* níos cóngaraí don tseánra a dtugtar Rac Indie air ná do sheánra ar bith eile, is dócha. Is foroinn é de Rac Ailtéarnach a thosaigh sna 1980idí nuair a bhunaigh ceoltóirí lipéid thaifeadta bheaga saor ó smacht na gcomlachtaí móra taobh istigh de thionscal an cheoil. Cé gur éirigh le mórán acu ó thaobh na tráchtála astu féin, bhí an ceol a dháil siad turgnamhach agus conspóideach go minic.

Cuirtear le fuaim shainiúil *Florence + the Machine* de thairbhe na n-íomhánna suntasacha mar shampla an físeán do *Cosmic Love* nó an obair ealaíne ar an albam *Lungs*. Is cinnte gur mar gheall ar ghuth ceoil agus persona Florence Welch agus an nádúr osréalaíoch atá le cuid mhór dá liricí a chuirtear i gcomparáid í le healaíontóir tábhachtach mná eile, Kate Bush.

Tréithe:

Séis: Dar leat go bhfuil tobchumadóireacht shaor ann thart ar roinnt príomhthuinairdí nó idirchéimeanna taobh istigh den mhód Aeólachas. Tá rithim Lombardach (camán/croisín phoncaithe) agus sioncóipiú le fáil sa rithim.

Armóin: Tá an chuid is mó den amhrán bunaithe ar fhoirmle ina bhfuil trí thríchorda (mórghléas F, mórghléas C agus mionghléas A). Déantar díshondas nó is minic a théann an tséis in éadan na bunarmóine, e.g. an G in éadan an chorda i mórghléas F ag an fhíorthús.

Tonúlacht: Mionghléas ach fuaim cosúil le fuaim mhódúil mar nach dtarlaíonn an 7ú ardaithe (G♯).

Amchomhartha: 2/2.

Rif: Aontaítear an t-amhrán agus bíonn éifeacht hipnóiseach leis mar gheall ar athsheinm an phatrún corda mórghléas F/mórghléas C/mionghléas A.

Foirm Strófach: Is cosúil a bheag nó a mhór an ceol a chuirtear leis an dá véarsa ach go mbíonn beagán éagsúlachta sa tséis agus armóin bhreise sna guthanna.

Guthaíl: Nuair a cheoltar páirt an ghutha le fuaim ghuta (sa chás seo 'ooh') gan focail.

Seol amach: Seoladh amach ar uirlisí ar choda i ndeireadh amhráin.

Struchtúr:

Seo a leanas an struchtúr atá le *Cosmic Love*:

Intreoir:	Fuaimeanna a dhéantar go leictreonach.
Véarsa 1:	A falling star fell from your heart and landed in my eyes. I screamed aloud as it tore through them and now it's left me blind.
Curfá:	The, stars, the moon they have all been blown out. You left me in the dark. No dawn, no day. I'm always in this twilight, in the shadow of your heart.
Véarsa 2:	And in the dark I can hear your heart beat I tried to find the sound. But then it stopped and I was in the darkness, so darkness I became.
Curfá:	The, stars, the moon etc.
Guthaíl:	Ooh etc.
Idircheol:	I took the stars from my eyes and then I made a man. I knew that somehow I could find my way back. then I heard your heart beating. You were in the darkness too. So I stayed in the darkness with you.
Curfá:	The stars, the moon etc. (faoi dhó).
Guthaíl:	Ooh etc.
Seoladh amach:	Ceol uirlise bunaithe ar rif trí chorda.

Anailís:

	Am	Inneachar
Intreoir:	0.00	Blúire beag d'éifeachtaí fuaime sintéisithe.
Véarsa 1:	0.03	Rif chorda 4-bharra (F, C, Am, Am) á seinm i gcamáin athsheinnte ag pianó. Séis ghutha mhódach ina bhfuil an mhóitíf A-G-E-D, scála síos, sioncóipiú agus rithim Lombardach, go minic in éadan na harmóine.
	0.12	Airpéitsí cláirsí ag éirí agus ag titim ag deireadh an chéad fhrása gutha.
	0.16	Maracas ag teacht isteach le dara frása an ghutha.
Curfá:	0.30	Cé go bhfuil sé bunaithe ar na cordaí atá sa véarsa, cuireann an fhoireann drumaí béim ar smaoineamh nua rithime ina bhfuil 4 chamán. Dinimic níos airde. Críochnú ar dhíchorda – F in éadan corda i mórghléas A.
Véarsa 2:	0.58	Tá difear idir cuid an ghutha agus véarsa 1 sa mhéid is go ndéantar tobchumadh go saor thart ar na príomh-thuinairdí agus tá frása ag éirí ar "became". Cuirtear isteach armóiní gutha ilriain agus tá tionlacan nua ostinato ag an chláirseach.
Curfá:	1.25	Maisiú go saor ar an tséis, e.g.an nóta cúnta uachtair ar "moon". Cruthaítear armóiní arís le hilrian. Deireadh cinnte nuair a bhuaileann A an ghutha leis an chorda thonach.
Guthaíl:	1.52	Na harmóiní atá sa véarsa agus sa churfá ach E curtha leis an chorda i mórghléas F. Arpéitsí leathchamáin síos ar an chláirseach uilig ag tosú ar E ag léiriú pointe troitheáin inbhéartaithe. Sa cheol gutha gan focail (Ooh) tá ceathrach foirfe ag éirí a athsheinntear (ag déanamh macalla) agus a shíntear.
Idircheol:	2.06	Seo mar a dhéantar codarsnacht: • patrún nua corda 4 bharra – Em, F, G, Am • croisíní trírín in úsáid sna hairpéitsí cláirsí tionlacain • dinimic níos boige • séis nua bunaithe ar an nóta G • mar a bheadh buille croí ann ar "I heard your heart beating".
	2.29	"Nóta gorm" soiléir (Eb) ar an fhocal "darkness".
Curfá:	2.35	Rollán ar an chiombal chrochta roimh dhul isteach i reprise den churfá agus scála ag éirí ar "heart" ina dheireadh.
Curfá:	3.02	Athsheinm an churfá ag críochnú ar C marthanach.
Guthaíl:	3.30	Mar atá in 1.52.
Seoladh amach:	3.43	Ceol uirlise ag seinm amach bunaithe ar an struchtúr corda F, C, Am ina seasann airpéitsí cláirsí amach, aisfhuaimniú méadaithe agus "shots" sintéisithe. Cuirtear seachtaigh leis na mhionchordaí A de réir a chéile. Tagann diminuendo roimh an tsos dheireanach ar an tonach.

Tuilleadh Éisteachta:

Kate Bush: *Wuthering Heights*

Florence and the Machine: *You've Got the Love*

© CCEA 2019